Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Deireadh Fómhair 2026
(OR. en)

14945/26
ADD 1

Comhad Idirinstitiúideach:
2026/0333 (NLE)

AELE 93
FL 52
ISL 61
N 93
MI 1065
ENER 696

NÓTA CLÚDAIGH

ó:	Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir
dáta a fuarthas:	28 Deireadh Fómhair 2026
chuig:	Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh
Uimh. an doic. ón gCoim.:	COM(2026) 584 annex
Ábhar:	IARSCRÍBHINN a ghabhann le Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE (staidreamh i dtaca le fuinneamh)

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 28.10.2026
COM(2026) 584 final

ANNEX

IARSCRÍBHINN

a ghabhann le

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

maidir leis an seasamh atá le glacadh, thar ceann an Aontais Eorpaigh, i gComhchoiste LEE maidir le leasú ar Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

(staidreamh i dtaca le fuinneamh)

IARSCRÍBHINN

DRÉACHTCHINNEADH Uimh. …/… Ó CHOMHCHOISTE LEE […]

an […]

lena leasaítear Iarscríbhinn XXI (Staidreamh) a ghabhann le Comhaontú LEE

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú ar an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán (AE) 2019/2146 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2019 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh, a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme nuashonruithe ar an staidreamh bliantúil, ar an staidreamh míosúil agus ar an staidreamh míosúil gearrthéarmach i dtaca le fuinneamh[1], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Rialachán (AE) 2022/132 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2022 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh, a mhéid a bhaineann le cur chun feidhme nuashonruithe ar an staidreamh bliantúil, ar an staidreamh míosúil agus ar an staidreamh míosúil gearrthéarmach i dtaca le fuinneamh[2], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(3) Rialachán (AE) 2024/264 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le staidreamh i dtaca le fuinneamh, a mhéid a bhaineann le nuashonraithe a chur chun feidhme i ndáil le staidreamh bliantúil agus míosúil fuinnimh agus i ndáil le staidreamh míosúil gearrthéarmach fuinnimh[3], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(4) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2169 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2017 maidir leis an bhformáid agus leis na socruithe i dtaca le tarchur Staidrimh Eorpaigh i ndáil le praghsanna gáis nádúrtha agus leictreachais de bhun Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4], tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir,

---

1 IO L 325, 16.12.2019, lch. 43.
2 IO L 20, 31.1.2022, lch. 208.
3 IO L, 2024/264, 18.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/264/oj
4 IO L 306, 22.11.2017, lch. 9.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Iarscríbhinn XXI a ghabhann le Comhaontú LEE, leasaítear í mar a leanas:

1. Leasaítear pointe 26a de (Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) mar a leanas:

   i. Athuimhrítear an pointe mar phointe 26c.

   ii. In ionad an téacs oiriúnúcháin, cuirtear an méid seo a leanas:

   ‘(a) Díolmhaítear Lichtinstéin ó tharchur na sonraí a cheanglaítear de réir an Rialacháin, ach amháin na sonraí a bhaineann le hallmhairiú agus onnmhairiú na dtáirgí fuinnimh uile agus na sonraí a bhaineann leis an táirgeadh fuinnimh le haghaidh an Staidrimh Bhliantúil Fuinnimh (Iarscríbhinn B).

   (b) Díolmhaítear an Íoslainn ó tharchur na gcomhiomlán a shonraítear in Iarscríbhinn B ‘Staidreamh Bliantúil Fuinnimh’ a bhaineann le miondealú mionsonraithe ar an tomhaltas fuinnimh de réir chineál na húsáide deiridh (téamh spáis, fuarú spáis, téamh uisce, cócaireacht, fearais soilsithe agus leictreacha, úsáidí deiridh eile) san earnáil chónaithe a shonraítear i Roinn 2.3 ‘Úsáid deiridh fuinnimh a shonrú’ d’Iarscríbhinn A ‘Soiléirithe ar théarmaíocht’. Beidh an díolmhú sin faoi réir athbhreithniú arna dhéanamh ag Comhchoiste LEE aon uair a léiríonn sonraí arna soláthar ag an Íoslainn go bhfuil an tomhaltas deiridh fuinnimh san earnáil chónaithe cothrom le 25 000 teirighiúl nó níos mó.

   (c) Díolmhaítear an Íoslainn ó tharchur na sonraí a cheanglaítear i Roinn 2 ‘Gás nádúrtha’ d’Iarscríbhinn B ‘Staidreamh bliantúil fuinnimh’. Beidh an díolmhú sin faoi réir athbhreithniú ag Comhchoiste LEE a luaithe a bhíonn comharthaí ann a thugann le fios gur bunaíodh saoráidí stórála gáis ghásaigh nó saoráidí stórála gáis nádúrtha leachtaithe ar chríoch na hÍoslainne nó go bhfuil tomhaltas bliantúil an gháis nádúrtha cothrom le 2 500 teirighiúl nó níos mó.

   (d) Díolmhaítear an Íoslainn agus an Iorua ó tharchur na sonraí a cheanglaítear i Roinn 6 ‘Staidreamh bliantúil i dtaca le fuinneamh núicléach’ d’Iarscríbhinn B ‘Staidreamh bliantúil fuinnimh’, fad agus nach mbíonn aon saoráid núicléach ná gléasra cumhachta ar a gcríoch.

   (e) Díolmhaítear an Íoslainn ó tharchur na sonraí a cheanglaítear i Roinn 1 ‘Breoslaí soladacha’ agus Roinn 4 ‘Gás nádúrtha’ d’Iarscríbhinn C ‘Staidreamh míosúil fuinnimh’. Beidh an díolmhú maidir le gás nádúrtha faoi réir athbhreithniú ag Comhchoiste LEE a luaithe a bhíonn comharthaí ann a thugann le fios gur bunaíodh saoráidí stórála gáis ghásaigh nó saoráidí stórála gáis nádúrtha leachtaithe ar chríoch na hÍoslainne nó go bhfuil tomhaltas bliantúil an gháis nádúrtha cothrom le 2 500 teirighiúl nó níos mó.

   (f) Díolmhaítear an Íoslainn ó tharchur na sonraí a cheanglaítear de réir Iarscríbhinn D ‘Staidreamh míosúil gearrthéarmach’, fad agus nach mbíonn aon scaglann ola ar a críoch.’

2. Na fleascanna seo a leanas, cuirtear iad le pointe 26c (Rialachán (CE) Uimh. 1099/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

‘- **32019 R 2146**: Rialachán (AE) 2019/2146 ón gCoimisiún an 26 Samhain 2019 (IO L 325, 16.12.2019, lch. 43),

- **32022 R 0132**: Rialachán (AE) 2022/132 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2022 (IO L 20, 31.1.2022, lch. 208),

- **32024 R 0264**: Rialachán (AE) 2024/264 ón gCoimisiún an 17 Eanáir 2024 (IO L, 2024/264, 18.1.2024).’

3. Cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe 26 (Treoir 2008/92/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle):

‘26a. **32017 R 2169**: Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2169 ón gCoimisiún an 21 Samhain 2017 maidir leis an bhformáid agus leis na socruithe i dtaca le tarchur Staidrimh Eorpaigh i ndáil le praghsanna gáis nádúrtha agus leictreachais de bhun Rialachán (AE) 2016/1952 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 306, 22.11.2017, lch. 9).’

Airteagal 2

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialacháin (AE) 2019/2146, (AE) 2022/132, (AE) 2024/0264 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2169 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ón […], ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile dá bhforáiltear faoi Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha*.

Airteagal 4

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d’*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, […].

Thar ceann Chomhchoiste LEE

An tUachtarán

[…]

Rúnaithe
Chomhchoiste LEE
[…]

* [Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.] [Sonraítear ceanglais bhunreachtúla.]